Insert ETB Logo

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Do Thoradh Measúnaithe a Achomharc

## Conas toradh measúnaithe ar chúrsa oiliúna ETB a achomharc

### Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá mé mí-shásta le toradh measúnaithe le linn an chláir?

Ba chóir duit labhairt le do theagascóir nó traenálaí faoi do thoradh. Míneoidh siad duit conas mar a marcáladh do chuid oibre.

### Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá mé fós mí-shásta tar éis labhairt le mo theagascóir/thraenálaí?

Má ta tú fós mí-shásta le toradh deiridh do mheasúnaithe, is féidir leat é a achomharc. Is ionann achomharc agus athrú a lorg sa toradh, nó breis eolais a lorg faoi.

### Cén fáth achomharc a dhéanamh ar thoradh measúnaithe?

Is féidir leat achomharc a lorg ar do thoradh measúnaithe ar chlár oiliúna de chuid an ETB má mhothaíonn tú:

1. nár chláraigh an té a rinne an measúnú ("an measúnóir") do thorthaí i gceart
2. mharcáil an measúnóir do mheasúnú go leatromach nó go héagórach
3. bhain fadhbanna pearsanta (mar shampla, éigeandáil teaghlaigh) nó fadhbanna sláinte duit
4. reáchtáladh an measúnú go leatromach nó go héagórach, agus b'fhéidir go raibh tionchar aige seo ar do thoradh
5. bhí cur isteach éigin le linn an mheasúnaithe

### Conas achomharc a dhéanamh ar thoradh measúnaithe?

Más mian leat do thoradh measúnaithe a achomharc, beidh ort:

- an fhoirm iarratais ar an mbilleog seo a chomhlánú
- seol an fhoirm chomhlánaithe go dtí an bainisteoir an ETB a dhéanann cúram do mheasúnaithe laistigh de 10 lá oibre ón dáta a eisíodh do thorthaí measúnaithe

**Cad a dhéanfaidh an ETB?**

**Céim 1**

Breathnóidh an bainisteoir an ETB a dhéanann cúram do mheasúnaithe ar d'fhoirm iarratas achomhairc chomhlánaithe.
Más ionann d'achomharc agus aon cheann de na fáthanna liostáilte, iarrfaidh an bainisteoir an ETB ar athbhreithneoir achomhairc an t-achomharc a scrúdú. Déarfaidh an bainisteoir an méid seo leat i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre tar éis dóibh d'iarratas d'fháil.
Muna meaitseáileann d'achomharc le ceann de na cúiseanna liostáilte, míneoidh an bainisteoir an ETB an méid seo duit i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre tar éis dóibh d'iarratas d'fháil.

**Céim 2**

Breathnóidh an athbhreithnitheoir achomhairc ar d'iarratas agus ar na fíricí.

**Céim 3**

Scríobhfaidh an t-athbhreithnitheoir achomhairc tuairisc agus seolfaidh sé go dtí an bainisteoir an ETB atá i bhfeidhil ar mheasúnaithe.

**Céim 4**

Úsáidfidh painéal achomhairc an tuairisc seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le d'achomharc.
Míneoidh an bainisteoir an ETB atá i gceannas ar mheasúnuithe faoin gcinneadh i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre ón lá a scríobh siad chugat á rá leat go raibh an ETB ag obair ar d'achomharc.

**Cén chinneadh a d'fhéadfadh an ETB a dhéanamh faoi m'achomharc?** D'fhéadfadh an ETB na nithe seo a chinneadh:

- an marc céanna a thabhairt duit
- marc níos airde a thabhairt duit
- marc níos ísle a thabhairt duit
- cead a thabhairt duit an measúnú a (ath-)shuí, nauir is féidir, gan rialacha an ETB d'athdhéanamh measúnuithe a chur i bhfeidhm
- an measúnú a fhógairt ar neamhní go hiomlán agus an toradh a chhealú ar fad

**Cad is achomharc deiridh ann?**

Muna ghlacann tú le cinneadh an Phainéil Achomhairc, is féidir leat achomharc a dhéanamh go dtí an foras cáiliúcháin chuí.

# Foirm Iarratais

## Toradh measúnuithe ar chúrsa oiliúna an ETB a achomharc

Comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil i mBLOCLITREACHA. Má tá cabhair uait leis seo, faigh cabhair ó dhuine a bhfuil muinín agat astu. Is ga don bainisteoir an ETB an fhoirm seo d'fháil laistigh de 10 lá oibre tar éis do thorthaí a bheith eisithe. Tá an t-eolas seo ar fáil ag gach Lárionad an ETB nó ar-líne.

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Uimhir PPS:** | |
| **Seoladh baile:** | |
| **Seoladh poist (más éagsúil):** | |
| **Uimhir teileafóin i rith an lae:** | |
| **Uimhir teileafóin phóca:** | |
| **Seoladh Ríomhphoist:** | |

| | |
|---|---|
| **Ainm an chláir oiliúna:** | |
| **Láthair:** | |

| | |
|---|---|
| **An chúis a bhfuil achomharc á dhéanamh agat ar do thoradh?**<br>**(Lean ag scríobh ar leathanach eile más gá.)** | |
| **An cinneadh a bhfuil tú ag súil leis?** | |
| **Do shíniú:** | |
| **Dáta:** | |

| D'ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN | |
|---|---|
| **Faighte ag:** | |
| **Faofa ag:** | |
| **Síniú:** | |
| **Síniú:** | |
| **Dáta:** | |
| **Dáta:** | |
| **Má ceadaíodh achomharc, cén rogha a rinne tú?**<br>**Athsheiceáil**<br>**Athbhreithniú** | |
| **Achomharc cumhdaithe: Tá ☐ Níl ☐** | |
| **Cúis leis an gcinneadh** | |
| **Údaraithe ag:** | |
| **Dáta:** | |
| **Síniú:** | |
| **An té a d'fhógraigh don iarratasóir:** | |
| **Dáta:** | |
| **Síniú:** | |

Féach Treoir ar Mheasúnú d'Fhoghlaimeoir an ETB le teacht ar eolas ginearálta ar mheasúnú

Seoladh and ETB

Teileafón and ETB Facs an ETB

Breis eolais ach dul go www......ie nó seol rphost